

# Forlónadh Cíos - Ceisteanna Coitianta

## 1. Cad is Forlónadh Cíos ann?

Íoctar Forlónadh Cíos le daoine a chónaíonn i gcóiríocht phríobháideach ar cíos ach nach bhfuil dóthain acmhainní acu chun íoc as a gcóiríocht féin.

## 2. An ionann Forlónadh Cíos agus Liúntas Cíos?

Is é Forlónadh Cíos ainm na scéime, ach Liúntas Cíos a thugtar air de ghnáth. Ach tá scéim eile ann ar a dtugtar [Liúntas Cíos](#) do thionóntaí a chónaíonn i dtithe nó in árasáin áirithe a ndearna dírialú cíosanna an 26 Iúil 1982 difear dóibh.

## 3. An féidir liom Forlónadh Cíos a fháil má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil agam cheana féin?

Is féidir. Íoctar Forlónadh Cíos leat chun cabhrú leat íoc as do chostais tithíochta fad a bhíonn tú ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh. Ach ní cháileoidh tú don Fhorlónadh Cíos as an íocaíocht leasa shóisialaigh amháin; beidh ort coinníollacha eile a shásamh.

## 4. Cad iad na coinníollacha cáilitheachta don Fhorlónadh Cíos?

Is féidir go gcáileoidh tú d'Fhorlónadh Cíos má bhí cónaí ort ar feadh 6 mhí (183 lá) as an 12 mhí dheireanacha i gceann, nó níos mó, díobh seo a leanas:

- Ní mór duit bheith in ann a thaispeáint go raibh tú in ann an cíos a íoc ag tús na tionóntachta agus go bhféadfá leanúint ar aghaidh ag íoc cíos ach gur tharla cor i do shaol tar éis duit tosú ar chíos a íoc.
- Cóiríocht do dhaoine gan dídean
- Institiúid, mar shampla ospidéal, teach cúraim nó áit choinneála.

### Nó

- A bheith measúnaithe ag údarás áitiúil mar dhuine a cháligh do thithíocht shóisialta agus a bhí ina gátar sna 12 mhí dheireanacha. (féach Ceist 6)

Le cois na riachtanas sin, ní mór don oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh a bheith sásta:

- go n-oireann an chóiríocht duit.
- go bhfuil gnáthchónaí ort sa Stát.
- go bhfuil an méid cíosa a íocann tú faoi bhun [na huasteorann cíosa](#) don cheantar agus don líon daoine atá sa teaghlach agat.

Má chuirtear cóiríocht ar fáil duit tríd an [Scéim Cúnaimh Caipitil](#), is é €55 sa tseachtain do dhaoine singil agus €60 sa tseachtain do lánúin an Forlíonadh Cíosa is mó a íoctar.

## 5. Cé nach gcáilíonn don Fhorlíonadh Cíosa?

Ní cháileoidh tú don Fhorlíonadh Cíosa más amhlaidh:

- go bhfuil post lánaimseartha agat (de bhreis ar 29 uair an chloig sa tseachtain) ach amháin má chinn an t-údarás áitiúil tithíochta go gcáilíonn tú don Scéim Cóiríochta ar Cíos. (féach Ceist 6)
- go bhfuil post lánaimseartha ag do chéile nó do pháirtneir.
- go bhfuil tú ag fáil oideachais go lánaimseartha (tá roinnt eisceachtaí ann).
- go bhfuil tú páirteach in agóid thionsclaíoch. Ach is féidir le céile cleithiúnach agus do leanaí cleithiúnacha cáiliú don Liúntas Leasa Shóisialaigh do thréimhse na stailce.
- go bhfuil tú i do chónaí i gcóiríocht a chuir an t-údarás áitiúil ar fáil duit
- go bhfuil tú i do chónaí i gcóiríocht a chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil duit
- go bhfuil tú i do chónaí i gcóiríocht a fuair tú ó chomhlacht nó ó eagraíocht a chuireann seirbhísí ar fáil thar ceann FSS, nó seirbhísí atá díreach cosúil le seirbhísí FSS, nó seirbhísí atá coimhdeach le seirbhísí FSS, i gcás ina n-úsáideann an comhlacht nó an eagraíocht sin foireann cúram cónaithe chun na seirbhísí sin a chur ar fáil agus go bhfaigheann siad íocaíocht fhóirdheontais ón Aire Sláinte maidir leatsa.
- go bhfuil cónaí ort i gcóiríocht a chuir comhlacht deonach tithíochta ar fáil duit i gcás ina bhfaigheann an comhlacht sin fóirdheontas faoin scéim um fhóirdheontas cíosa.
- go bhfuil tú ag fáil liúntas cíosa ón Roinn Coimirce Sóisialaí de bhrí gur tionónta thú i gcóiríocht ar cíos i gcás inar cíos dírialaithe é.
- go dtéann tú isteach in institiúid go ceann tréimhse is faide ná 13 seachtaine.
- gur baineadh d'ainm de liosta tithíochta an údaráis áitiúil.
- gur fhág tú cóiríocht údaráis áitiúil gan an t-oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh a bheith sásta go raibh údar maith leis.
- go ndiúltaíonn tú do dhá thairiscint de thithíocht shóisialta ó údarás áitiúil laistigh de 12 mhí.

- nach bhfuil cónaí dlíthiúil ort sa Stát.
- go bhfuil iarratas déanta agat ar thearmann faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, agus go bhfuil tú ag feitheamh ar chinneadh deiridh ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- go bhfuil iarratas déanta agat faoi Acht na nEachtrannach 1935 chun fanacht sa Stát ach nár cinneadh d'iarratas fós.
- nach gcuireann do thiarna talún a uimhir thagartha cánach ar fáil duit, nó cúis bhailí nach bhfuil uimhir thagartha cánach aige nó aici.

Ina theannta sin, is féidir go gcinnfeadh an t-oifigeach atá ag déileáil le do chás nach féidir Forlíonadh Cíosa a íoc más amhlaidh gur chinn an t-údarás tithíochta nach bhfuil an chóiríocht ag cloí leis na bunchaighdeáin m.sh. nach bhfuil bail mhaith ar an struchtúr nó nach leor an soilsiú, an t-aerú, na seirbhísí uisce nó na seirbhísí sláintíochta. (Tá na caighdeáin leagtha síos sna rialacháin a rinneadh faoi [Alt 18 den Acht Tithíochta \(Forálacha Ilghnéitheacha\) 1992.](#))

## 6. Cad is údarás tithíochta ann agus cad a dhéanann sé?

Is ionann an t-údarás tithíochta agus an t-údarás áitiúil (comhairle contae nó cathrach) sa cheantar ina bhfuil cónaí ort. Mura ndearna measúnú riachtanas tithíochta maidir leat, ní mór duit dul chuig an údarás áitiúil agus iarraidh orthu do riachtanas tithíochta a mheasúnú. Ní mór dul chuig an údarás áitiúil sa cheantar ina bhfuil sé beartaithe agat dul chun cónaithe agus Forlíonadh Cíosa a éileamh. Ní féidir iarratas a dhéanamh ar Fhorlíonadh Cíosa go dtí go gcruthófar go gcáilíonn tú do thithíocht agus go bhfuil tú ina gátar. Ní íoctar Forlíonadh Cíosa fad a bhíonn do riachtanais tithíochta á meas ag [údarás áitiúil](#). Gheofar sonraí teagmhála na n-údarás áitiúil uile ar [shuíomh Gréasáin na Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil](#).

## 7. Conas a dhéanaim iarratas ar Fhorlíonadh Cíosa?

Chun iarratas a dhéanamh ar Fhorlíonadh Cíosa ní mór duit labhairt le hionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí (an tOifigeach Leasa Pobail, mar a bhí) i d' [ionad áitiúil sláinte](#). Ní mór duit foirmeacha SWA1 agus SWA3 a líonadh isteach. Beidh ar an tiarna talún cuid d'fhoirm SWA3 a líonadh isteach.

I gceantair áirithe déanann Aonad Cíosanna lárnach na hiarratais nua ar Fhorlíonadh Cíosa a phróiseáil. Gheobhaidh tú amach [anseo](#) cibé an bhfuil Aonad Cíosanna lárnach ann do do cheantar.

Má chónaíonn tú i gceann de na ceantair sin, gheobhaidh tú paca cíosa ón ionad áitiúil sláinte. Sa phaca gheobhaidh tú na mionsonraí (agus liosta de na doiciméid a bheith ag teastáil uait) agus gach foirm iarratais riachtanach. Ba chóir duit an t-eolas sa phaca a léamh go cúramach. Má tá tú sásta go bhfuil na doiciméid riachtanacha uile agat, cuir d'iarratas ar aghaidh chuig an Aonad Cíosanna ceart. Mura bhfuil gach eolas a iarrrtar sa phaca istigh leis an iarratas, d'fhéadfaí moill a chur air. Beidh an tAonad i dteagmháil leat má bhíonn tuilleadh eolais uathu.

## 8. Cad iad na doiciméid a bheidh uaim don iarratas?

De ghnáth ní mór fianaise ar na rudaí seo a leanas a bheith agat:

- cé thú féin, m.sh. teastas breithe, pas, ceadúnas tiomána nó cárta ó Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda/
- Ioncam, coigilteas, infheistíochtaí agus maoin.
- Léas/comhaontú tionóntachta/leabhar cíosa.

Is féidir go mbeadh eolas agus doiciméid eile ag teastáil; déarfadh an t-oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh leat é má bhíonn

## 9. Cad a tharlóidh ag an gcéad chruinniú nuair a chasaim ar an té a bheidh ag próiseáil m'iarratais?

Is féidir go n-iarrfadh an t-oifigeach a bheidh ag próiseáil d'iarratas ort casadh leis chun gur féidir leis nó léi an t-eolas atá agat a bhailiú agus a mheas. Ag an agallamh sin:

- beidh cead agat do chás a mhíniú agus iarratas foirmiúil a dhéanamh
- déanfar do riachtanais a mheas
- freagrófar aon cheist atá agat
- inseofar duit cad iad na seirbhísí agus na gníomhaireachtaí a d'fhéadfadh cabhrú leat
- inseofar duit cad iad na rudaí a bhfuil teidlíocht agat orthu
- inseofar duit cad iad na socruithe íocaíochta atá ann
- inseofar duit go bhfuil ceart achomhairc agat agus conas a oibríonn an próiseas achomhairc
- déarfar leat go bhfuil oibleagáid ort aon athrú ar do chúinsí a chur in iúl don oifigeach.

## 10. An féidir liom Forlónadh Cíosa a fháil más airde cíos na réadmhaoine ná na teorainneacha atá socraithe don cheantar?

Ní gnách Forlónadh Cíosa a íoc má bhíonn an cíos níos airde ná [an teorainn cíosa i do cheantar](#) agus an cíos a cheadaítear do mhéid do theaghlaigh.

## **11. Cén fáth a bhfuil m'Fhorlíonadh Cíosa chomh híseal sin i gcomparáid le mo chíos, agus go n-íoctar an Forlíonadh Cíosa céanna i gcás gach maoine sa cheantar seo? Cén fáth a gcaithfidh mé cuid mhaith airgid a íoc mé féin de bhreis ar an bhForlíonadh Cíosa?**

Ní mór do gach duine a fhaigheann Forlíonadh Cíosa méid áirithe a íoc i leith an chíosa. Is é €30 an íocaíocht is lú i láthair na huairé do dhaoine singil (le leanbh nó gan leanbh) agus €40 do lánúin (le leanbh nó gan leanbh). Is féidir go mbeadh ort níos mó ná sin a íoc más mó d'ioncam ná an ráta a cheadaítear faoin Liúntas Leasa Forlíontach do mhéid do theaghlaigh. Is féidir go mbeadh air bail eile den teaghlach a bhfuil ioncam dá gcuid féin acu méid áirithe a íoc i leith an chíosa.

## **12. Cathain agus cé chomh minic a íoctar Forlíonadh Cíosa?**

An t-oifigeach a bheidh ag déileáil le d'éileamh, inseoidh sé/sí duit conas a íocfar tú, agus cá háit agus cén lá. Ní mór do gach duine a fhaigheann Forlíonadh Cíosa méid áirithe a íoc i leith an chíosa. Is é €30 an íocaíocht is lú i láthair na huairé do dhaoine singil (le leanbh nó gan leanbh) agus €40 do lánúin (le leanbh nó gan leanbh). Is féidir go mbeadh ort níos mó ná sin a íoc más mó d'ioncam ná an ráta a cheadaítear faoin Liúntas Leasa Forlíontach do mhéid do theaghlaigh. Is féidir go mbeadh air bail eile den teaghlach a bhfuil ioncam dá gcuid féin acu méid áirithe a íoc i leith an chíosa.

## **13. An féidir m'Fhorlíonadh Cíosa a íoc isteach i mo chuntas bainc?**

Is féidir má iarrann tú é sin agus má cheadaíonn an t-oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh é.

## **14. Cad a chaithfidh an tiarna talún a dhéanamh ionas go n-íocfar Forlíonadh Cíosa liom?**

Faoin scéim Forlíonadh Cíosa ní bhíonn aon ghaol díreach idir an Roinn agus an tiarna talún. Ní mór duitse (an tionónta) an t-iarratas ar Fhorlíonadh Cíosa a dhéanamh agus próiseálfaidh an Roinn an t-iarratas. Ní mór don tiarna talún cuid den fhoirm iarratais a líonadh isteach agus a Uimhir PSP nó Tagartha Cánach a thabhairt. Is féidir go roghnódh do thiarna talún a UPSP nó Uimhir Thagartha Cánach a chur ar fáil mar mhír ar leith don Roinn, trí [fhoirm SWA 3C](#) a líonadh isteach. De ghnáth ní íoctar Forlíonadh Cíosa go dtí go mbíonn Uimhir PSP nó Tagartha Cánach an tiarna talún faighte ag an Roinn.

## **15. An féidir Forlíonadh Cíosa a íoc go díreach leis an tiarna talún?**

De ghnáth is leatsa, an tionónta, a íoctar Forlíonadh Cíosa. Ach má iarrann tú é sin agus má cheadaíonn an t-oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh é, is féidir Forlíonadh Cíosa a íoc go díreach leis an tiarna talún. Fiú

má íoctar d'Fhorlónadh Cíos go díreach leis an tiarna talún, beidh ort ar a laghad €30 do dhaoine singil) nó €40 (do lánúineacha) a íoc sa tseachtain leis an tiarna talún.

## **16. An féidir m'Fhorlónadh Cíos a stopadh gan fógra a faighte agam?**

De ghnáth tabharfar fógra duit má táthar chun d'Fhorlónadh Cíos a stopadh. Ach má fhaigheann an t-oifigeach atá ag déileáil le d'iarratas amach gur athraigh do chúinsí ach nár chuir tú é sin in iúl dó nó di, is féidir d'Fhorlónadh Cíos a chur ar fionraí.

Ba chóir duit aon athrú ar do chúinsí a chur in iúl láithreach don oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh. Níor cheart duit fanacht go dtí an t-athbhreithniú chun athrú ar chúinsí a chur in iúl de bhrí go bhféadfaí ró-íocaíocht a dhéanamh leat idir an dá linn, ró-íocaíocht a bheidh ort a aisíoc.

## **17. Dúradh liom nach n-íocfar Forlónadh Cíos liom níos mó. An féidir liom achomharc a dhéanamh chuig an PRTB?**

Ní féidir. Níl aon bhaint ag an PRTB le cinntí faoin bhForlónadh Cíos. Tá cúram ar an PRTB agóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí a réiteach agus córas náisiúnta um chlárú tionóntaí a oibriú. Gheofar tuilleadh eolais ar an PRTB [anseo](#).

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh i dtaobh d'Fhorlónadh Cíos, ba chóir duit fáth an chinnidh a fháil amach ar an gcéad dul síos ón oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh. Ba chóir duit doiciméid bhreise a chur ar fáil le do chás a mhíniú.

Mura ndéantar an cinneadh a athrú, is féidir é a achomharc chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Cuir an oiread sonraí agus is féidir leat ar fáil san achomharc. Gheofar tuilleadh eolais ar an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh [anseo](#).

## **18. An scoirfear den Fhorlónadh Cíos a íoc liom má dhiúltaím tithíocht shóisialta?**

Má dhiúltaíonn tú dhá thairiscint de thithíocht shóisialta ó d'údarás áitiúil laistigh de 12 mhí, scoirfear den Fhorlónadh Cíos a íoca leat agus ní bheidh cead é a éileamh arís go ceann 12 mhí.

## **19. Cad a tharlaíonn in athbhreithniú cíos?**

Déantar do theidlíocht ar an bhForlónadh Cíos a athbhreithniú, gach sé mhí de ghnáth. Beidh ort Foirm le haghaidh Athbhreithniú ar an bhForlónadh Cíos a líonadh isteach agus é a thabhairt don oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh. Scrúdóidh an t-oifigeach an fhoirm le cinntiú go bhfuil an méid ceart den Fhorlónadh Cíos á fháil agat. Ba chóir an fhoirm a chur ar ais chuig an oifigeach a luaithe is féidir ionas nach gcuirfear moill ar d'íocaíocht.

Ba chóir duit aon athrú ar do chúinsí a chur in iúl láithreach don oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh. Níor cheart duit fanacht go dtí an t-athbhreithniú chun athrú ar chúinsí a chur in iúl de bhrí go bhféadfaí ró-íocaíocht a dhéanamh leat idir an dá linn, ró-íocaíocht a bheidh ort a aisíoc.

## **20. Foirmeacha le haghaidh Athbhreithniú ar an bhForlónadh Cíos - cá mbíonn siad le fáil?**

Má tá athbhreithniú á dhéanamh ar d'Fhorlónadh Cíos de ghnáth tabharfaidh an t-oifigeach foirm duit a bheith le líonadh isteach agat féin agus ag an tiarna talún. Má chailleann tú an fhoirm is féidir leat ceann nua a fháil san oifig áitiúil a riarann an scéim Liúntas Leasa Shóisialaigh. Más Aonad Cíosanna Lárnach atá ag déileáil le d'éileamh ba cheart duit teagmháil dhíreach a dhéanamh leo agus seolfaidh siad foirm nua amach chugat.

## **21. An ndéanfaidh an Roinn cigireacht ar m'áit chónaithe sula n-íoctar Forlónadh Cíos liom?**

Is féidir go bhféachfadh oifigigh ar do chóiríocht sula ndéantar cinneadh cibé an íocfar Forlónadh Cíos leat, leis an tionóntacht agus cineál na cóiríochta a dheimhniú. Ach ní gá i gcónaí cuairt a thabhairt de bhrí go bhféadfadh eolas a bheith ag an oifigeach ar an gcóiríocht cheana féin. Is faoin oifigeach tá sé a chinneadh cibé an gá cuairt a thabhairt ar an gcóiríocht.

## **22. Cad a tharlóidh má dhiúltaíonn an tiarna talún a Uimhir Thagartha Cánach/Uimhir PSP a thabhairt dom?**

Ní mór don tiarna talún a Uimhir Thagartha Cánach/Uimhir PSP a thabhairt don Roinn sular féidir Forlónadh Cíos a íoc leat. Mura dteastaíonn ón tiarna talún a Uimhir Thagartha Cánach/Uimhir PSP a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais, is féidir leis nó léi an fhoirm [SWA 3C](#) a líonadh isteach agus a chur ar ais go díreach chuig an oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh.

## **23. An íocfar Forlónadh Cíos liom má théim amach as an tír ar saoire nó ar chúis éigin eile?**

Ní gnách Forlónadh Cíos a íoc fad a bhíonn tú lasmuigh den tír/ Ba chóir duit labhairt leis an oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh má tá sé ar intinn agat an tír a fhágáil, fiú ar feadh tréimhse ghearr. Is féidir Forlónadh Cíos a íoc i gcásanna áirithe de bheith as an Stát ar feadh tréimhse ghearr, ar laethanta saoire etc. má cheadaíonn an t-oifigeach atá ag déileáil le d'éileamh é.